**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0204/2023**

31.5.2023

# TUARASCÁIL

ar Thuarascáil 2022 ón gCoimisiún maidir leis an Albáin
(2022/2199(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Isabel Santos

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................4
FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................21
VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........22

## TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar Thuarascáil 2022 ón gCoimisiún maidir leis an Albáin**
**(2022/2199(INI))**

Tá *Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile[1],

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 agus an 20 Meitheamh 2003 agus do Chlár Oibre Thessaloniki do na Balcáin Thiar,

– ag féachaint d’iarratas na hAlbáine ar bhallraíocht san Aontas Eorpach a cuireadh isteach an 28 Aibreán 2009,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Samhain 2010 dar teideal 2010 ‘Commission Opinion on Albania’s application for membership of the European Union’ [Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na hAlbáine ar bhallraíocht san Aontas Eorpach] (COM(2020)0680),

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 26 agus an 27 Meitheamh 2014, lena n-áirítear an cinneadh chun stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht AE a thabhairt don Albáin,

– ag féachaint do chinneadh ón gComhairle an 25 Márta 2020 tús a chur le caibidlíocht aontachais AE leis an Albáin,

– ag féachaint do thorthaí na chéad chomhdhála idir-rialtasaí leis an Albáin an 19 Iúil 2022, go háirithe tús a chur le caibidlíochtaí aontachais leis an Albáin,

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2018 agus an 17 agus an 18 Deireadh Fómhair 2019,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 18 Meitheamh 2019, an 25 Márta 2020, an 14 Nollaig 2021 agus an 13 Nollaig 2022 maidir le méadú agus an próiseas cobhsaíochta agus comhlachais,

– ag féachaint do thorthaí Phróiseas Bheirlín, a seoladh an 28 Lúnasa 2014,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 dar teideal ‘Enhancing the accession process – A credible EU perspective for the Western Balkans’ [An próiseas aontachais a fheabhsú – Peirspictíocht inchreidte AE do na Balcáin Thiar] (COM(2020)0057),

---

[1] IO L 107, 28.4.2009, lch. 166.

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'An Economic and Investment Plan for the Western Balkans' [Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar] (COM(2020)0641),

– ag féachaint do Dhearbhú maidir le Cómhargadh Réigiúnach an 9 Samhain 2020 agus do Dhearbhú maidir leis an gClár Oibre Glas do na Balcáin Thiar ó Chruinniú Mullaigh Shóifia an 10 Samhain 2020,

– ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 6 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'Guidelines for the Implementation of the Green Agenda for the Western Balkans' [Treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Ghlais do na Balcáin Thiar] (SWD(2020)0223),

– ag féachaint do na dearbhuithe ó chruinnithe mullaigh AE-na mBalcán Thiar, a tionóladh i Sóifia an 17 Bealtaine 2018, do Shágrab an 6 Bealtaine 2020, do Brdo pri Kranju an 6 Deireadh Fómhair 2021 agus do Thiorána an 6 Nollaig 2022,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um chúnamh Réamhaontachais (IPA III)[2],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal '2022 Communication on EU Enlargement Policy' [Teachtaireacht 2022 maidir le Beartas AE um Méadú] (COM(2019)0528),

– ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 12 Deireadh Fómhair 2022 dar teideal 'Albania 2022 Report' [Tuarascáil 2022 na hAlbáine] (SWD(2022)0332),

– ag féachaint don staidéar ó Chomhairle na hEorpa i mí na Samhna 2021 dar teideal 'Beyond Definitions: a call for action against hate speech in Albania – a comprehensive study' [Ag féachaint thar Sainmhínithe: glao ar ghníomhaíocht i gcoinne na fuathchainte san Albáin — staidéar cuimsitheach],

– ag féachaint do thuairim ó Choimisiún na Veinéise an 14 Nollaig 2021 maidir le síneadh a chur le téarma oifige na gcomhlachtaí idirthréimhseacha atá i gceannas ar athmheastóireacht a dhéanamh ar bhreithiúna agus ar ionchúisitheoirí,

– ag féachaint do thuarascáil chríochnaitheach an 26 Iúil 2021 ó Oifig ESCE um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) dar teideal 'Republic of Albania – Parliamentary Elections, 25 April 2021 – ODIHR Limited Election Observation Mission Final Report' [Poblacht na hAlbáine — Toghcháin Pharlaiminte, an 25 Aibreán 2021 — Tuarascáil Chríochnaitheach ó Mhisean Breathnóireachta Toghchán Teoranta de chuid ODIHR],

– ag féachaint do huairim chomhpháirteach ó Choimisiún na Veinéise agus ó ESCE/ODIHR an 11 Nollaig 2020 maidir le leasuithe an 30 Iúil 2020 ar Bhunreacht na hAlbáine agus an 5 Deireadh Fómhair 2020 ar an gCód Toghcháin,

[2] IO L 330, 20.9.2021, lch. 1.

– ag féachaint do na tuairimí uile ó Choimisiún na Veinéise maidir leis an Albáin,

– ag féachaint do Dhearbhú maidir le Slándáil Fuinnimh agus an tAistriú Glas sna Balcáin Thiar agus do na comhaontuithe maidir le saorghluaiseacht agus aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla agus ardoideachais ag naoú Cruinniú Mullaigh Phróiseas Bheirlín do na Balcáin Thiar an 3 Samhain 2022,

– ag féachaint do thuarascáil speisialta 01/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 10 Eanáir 2022 dar teideal 'EU support for the rule of law in the Western Balkans: despite efforts, fundamental problems persist [Tacaíocht AE don Smacht Reachta sna Balcáin Thiar: in ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta, tá fadhbanna bunúsacha fós ann],

– ag féachaint do shocrú oibre an 4 Iúil 2022 maidir leis an gcomhar idir Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus Oifig an Ionchúisitheora Ghinearálta na hAlbáine,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 dar teideal 'The EU Strategy to tackle Organised Crime 2021-2025' [Straitéis AE chun dul i ngleic leis an gCoireacht Eagraithe 2021-2025]'(COM(2021)0170),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Iúil 2020 dar teideal '2020-2025 EU action plan on firearms trafficking' [Plean gníomhaíochta an Aontais 2020-2025 maidir le gáinneáil ar airm thine] (COM(2020)0608),

– ag féachaint d'Innéacs 2022 na nDearcthaí i dtaca le hÉilliú de chuid Transparency International, ina bhfuil an Albáin a rangaithe mar 101 as 180 tír,

– ag féachaint d'Innéacs Domhanda de Shaoirse an Phreasa 2022 de chuid Thuairisceoirí gan Teorainneacha, ina bhfuil an Albáin rangaithe mar 103 as 180 tír,

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Deireadh Fómhair 2019 maidir le tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais leis an Macadóin Thuaidh agus leis an Albáin[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Nollaig 2021 ar an gcomhar i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe sna Balcáin Thiar[4],

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Márta 2022 maidir le trasnaíocht eachtrach ar na próisis dhaonlathacha uile san Aontas Eorpach, lena n-áirítear bréagaisnéis[5],

– ag féachaint do mholadh uaithi an 23 Samhain 2022 chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le straitéis nua AE don mhéadú[6],

– ag féachaint do rúin uaithi roimhe seo maidir leis an Albáin,

[3] IO C 202, 28.5.2021, lch. 86.
[4] IO C 251, 30.6.2022, lch. 87.
[5] IO C 347, 9.9.2022, lch. 61.
[6]IO C 167, 11.5.2023, lch. 105.

– ag féachaint do dhearbhú comhpháirteach ó Chruinniú Mullaigh Chainteoirí Pharlaimint na hEorpa – na mBalcán Thiar an 28 Meitheamh 2021, ag féachaint do dhearbhú comhpháirteach ón dara Cruinniú Mullaigh de Chainteoirí Pharlaimint na hEorpa - na Balcáin Thiar an 28 Meitheamh 2021,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0204/2023),

A. de bhrí gurbh é méadú bunaithe ar rialacha agus ar luachanna an ionstraim beartais eachtraigh is éifeachtaí de chuid AE go stairiúil, chomh maith le hinfheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin fhadtéarmach, sa daonlathas, sa chobhsaíocht agus sa tslándáil ar fud na mór-roinne;

B. de bhrí go rannchuidíonn lánpháirtiú Eorpach le cur chun cinn luachanna bunúsacha na hurraime don daonlathas, do chearta an duine, don smacht reachta agus don tsaoirse tuairimí a nochtadh; de bhrí go spreagtar leis athchóirithe bunúsacha agus go spreagtar leis fás eacnamaíoch agus comhar réigiúnach;

C. de bhrí go bhféadfadh moilleanna leanúnacha sa phróiseas aontachais an bonn a bhaint de thacaíocht na saoránach d'aontachas AE;

D. de bhrí gur cheart gach tír a mheas ar a fiúntas féin agus nár cheart mí-úsáid a bhaint as an bpróiseas aontachais atá bunaithe ar choinníollacht chun díospóidí déthaobhacha a réiteach;

E. de bhrí gur pobal éagsúlachta cultúrtha agus teanga é AE, atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht agus ar urraim fhrithpháirteach i measc a phobail;

F. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm leis an gcur isteach eachtrach urchóideach agus seachvótála isteach eachtrach agus bréagaisnéis easaontas a chothú agus foréigean a spreagadh, agus an réigiún ina iomláine a dhíchobhsú;

G. de bhrí gur laistigh den Aontas Eorpach a fheictear todhchaí na hAlbáine agus a cuid saoránach;

H. de bhrí gur chun leas polaitiúil, slándála agus eacnamaíoch an Aontais féin é an t-ionchas go mbeidh an Albáin ina Ballstát bunaithe ar fhiúntas;

I. de bhrí go bhfuil AE lántiomanta i gcónaí tacú le rogha straitéiseach na hAlbáine maidir le ballraíocht in AE, arb ionann é agus mianta shaoránaigh na hAlbáine i dtreo an daonlathais agus an rathúnais;

J. de bhrí gur comhpháirtí iontaofa beartais eachtraigh í an Albáin, lena n-áirítear trína rannpháirtíocht ghníomhach i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus in Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT); de bhrí go bhfuil an tír fós ina comhghuaillí geopholaitiúil tábhachtach agus ina comhpháirtí iontaofa, a bhuíochas dá hiarrachtaí chun comhar réigiúnach agus dea-chaidreamh comharsanachta a chur chun cinn;

K. de bhrí go leagtar béim i gcogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar a thábhachtaí atá méadú AE chun slándáil agus cobhsaíocht a áirithiú ar ár mór-roinn; de bhrí go léiríonn sé gur gá athléimneacht a mhéadú i gcoinne cogaíochta hibridí agus cur isteach eachtrach urchóideach ar phróisis dhaonlathacha, mar aon leis an ngá atá le borradh a chur faoi chumais chibearshlándála agus chibearchosanta agus chun cur i gcoinne spiaireachta agus bréagaisnéise;

L. de bhrí gur spreag an timpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú móiminteam nua don mhéadú;

M. de bhrí gur cheart don Albáin díriú i gcónaí ar chlár oibre athchóirithe AE;

N. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag claochlú daonlathach, an smacht reachta, cearta bunúsacha agus cloí le rialacha, luachanna agus caighdeáin AE i bpróiseas aontachais AE agus gur príomhthagarmharc iad chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo aontachas AE; de bhrí gur cheart do gach tír aontachais torthaí láidre do-athraithe a léiriú maidir lena n-athléimneacht dhaonlathach agus lena gclaochlú socheacnamaíoch;

O. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach daoine ar de ghrúpaí mionlaigh agus de ghrúpaí leochaileacha iad a chosaint agus a chuimsiú chun Ballstáit AE a spreagadh;

P. de bhrí nach bhfuil an Albáin fós tar éis a creat toghcháin a ailíniú go hiomlán le moltaí ESCE/ODIHR agus Choimisiún na Veinéise;

Q. de bhrí go bhfuil dea-chaidreamh comharsanachta agus comhar réigiúnach cuimsitheach fíor-riachtanach chun go n-éireoidh le lánpháirtiú AE;

R. de bhrí gur saincheist slándála Eorpach é an comhrac i gcoinne an mhóréillithe, na trasnaíochta eachtraí mailíseacha, an sciúrtha airgid agus na coireachta eagraithe; de bhrí go bhfuil aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin ríthábhachtach do dhul chun cinn na hAlbáine agus tíortha eile an mhéadaithe i dtreo aontachas AE, mar go gcuireann sí i bhfios go láidir go bhfuil nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach;

S. de bhrí go bhfuil AE fós ar an gcomhpháirtí polaitiúil, trádála agus infheistíochta is mó atá ag an Albáin agus ag na Balcáin Thiar ar fad; de bhrí go bhfuil sé fós ar an soláthraí cúnaimh airgeadais is mó don réigiún; de bhrí gur shlóg sé tacaíocht bhreise thrasearnálach nach bhfacthas a leithéid riamh i ndiaidh na paindéime agus ionsaithe brúidiúla na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

T. de bhrí gur dhírigh bréagaisnéis na Rúise agus ionsaithe hibrideacha eile ar an Albáin; de bhrí gur cheart dó cosaint a bhonneagair chriticiúil agus a chibearshlándála a neartú, chomh maith lena bhearta chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus leis an aistriú fuinnimh;

U. de bhrí gurb é is aidhm d’fheachtais mhífhaisnéise agus bhréagfhaisnéise arna n-eagrú ag tríú páirtithe AE a dhíspeagadh agus é a léiriú mar chomhpháirtí neamhiontaofa;

V. de bhrí gur bhain saoránaigh na hAlbáine leas as taisteal saor ó víosaí chuig limistéar Schengen ó Nollaig 2010 i leith agus go raibh siad in ann páirt a ghlacadh i malartuithe mac léinn, acadúla agus óige faoi chlár Erasmus+ ó 2015 i leith;

W. de bhrí gur aitheantas soiléir do dhul chun cinn na hAlbáine é tús na caibidlíochta aontachais; de bhrí gur céim nua é sa chaidreamh idir AE agus an Albáin agus go n-éilíonn sé tiomantas aontaithe chun ullmhú do bhallraíocht AE;

*Tiomantas d'Aontachas le AE*

1. á chur in iúl gur geal léi tiomantas diongbháilte, buanseasmhach agus straitéiseach na hAlbáine do lánpháirtiú AE, lena léirítear an comhdhearcadh i measc páirtithe polaitiúla agus an tacaíocht ollmhór i measc na saoránach;

2. ag moladh a dlúthpháirtíochta, a thiomanta atá sé don dea-chaidreamh comharsanachta, an chomhair réigiúnaigh, a ailínithe go comhsheasmhach, go hiomlán le beartas eachtrach agus slándála AE agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear a fhreagairt shoiléir ar ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine, trí bhearta sriantacha AE i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise a ghlacadh;  ag moladh thiomantas na hAlbáine don iltaobhachas ina ról mar chomhalta neamhbhuan de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;

3. Is díol sásaimh di gur cuireadh tús leis an gcaibidlíocht aontachais leis an Albáin. ag athdhearbhú gur cheart gach tír de chuid an mhéadaithe a mheasúnú ar a fiúntas féin agus gur cheart luas an aontachais a chinneadh tríd an dul chun cinn maidir le feidhmiú cuí na n-institiúidí daonlathacha agus gur cheart é a bheith bunaithe ar an smacht reachta, ar an dea-rialachas agus ar chearta bunúsacha;

4. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil Rialtas na hAlbáine fós ag díriú ar athchóirithe a bhaineann le AE agus go bhfuil a struchtúr comhordúcháin do lánpháirtiú na hEorpa treisithe aige agus ról a pharlaiminte i bpróiseas lánpháirtithe AE tríd an reachtaíocht ábhartha a leasú;  á chur i bhfáth gur gá don rialtas clár oibre athchóirithe AE a chur chun cinn tuilleadh i gcomhar leis an bhfreasúra agus le gach cuid den tsochaí, lena n-áirítear trí Chomhairle Náisiúnta an Lánpháirtithe Eorpaigh agus tríd an gComhairle Náisiúnta um an tSochaí Shibhialta;

5. á chur i bhfáth gur gá do Rialtas na hAlbáine agus do AE trédhearcacht, cuntasacht agus cuimsitheacht an phróisis aontachais a neartú, lena n-áirítear a ghné pharlaiminteach, trí rannpháirtíocht agus muinín chuimsitheach na saoránach a áirithiú agus tríd an tsochaí shibhialta agus na meáin a chomhtháthú sa rialachas daonlathach agus san idirphlé beartais;  á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá a rannpháirtíocht éifeachtach i bpróiseas lánpháirtithe AE agus i sásraí comhairliúcháin eile, mar chomhpháirtithe dlisteanacha sa phróiseas;

6. ag tathant ar Rialtas na hAlbáine dlús a chur lena iarrachtaí feidhmiú an smachta reachta agus na mbreithiúna a fheabhsú, dul i ngleic leis an éilliú agus leis an gcoireacht eagraithe, saoirse na meán a áirithiú, an tsochaí shibhialta a chumhachtú, cearta bunúsacha agus cearta mionlach a ráthú, lena n-áirítear pobal LGBTIQ+, agus a chomhar le hinstitiúidí AE a neartú;

7. ag spreagadh a lucht ceaptha beartas chun dlús a chur leis na hathchóirithe arbh fhéidir an chéad chomhdháil idir-rialtasach atá thar téarma le fada a reachtáil dá mbarr agus tús rathúil a chur leis an bpróiseas scagtha, agus dul chun cinn seasta infheicthe a léiriú maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha a ráthú, agus ailíniú comhsheasmhach le beartais AE á áirithiú ag an am céanna;

8. ag tathant ar chinnteoirí oibriú go comhpháirteach chun na critéir bhallraíochta a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná 2030; á mheabhrú, le linn na gcaibidlíochtaí aontachais, nach mór athruithe suntasacha a dhéanamh ar thíortha is iarrthóirí chun na critéir bhallraíochta a chomhlíonadh;

9. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na moilleanna gan údar ó thaobh AE sa phróiseas aontachais, lena mbaintear an bonn d'inchreidteacht AE, do thiomantas thíortha na mBalcán Thiar agus do thacaíocht phoiblí do bhallraíocht AE;

10. ag spreagadh an Choimisiúin chun dlús a chur lena thacaíocht thrasearnálach chun tíortha an mhéadaithe a thabhairt i gcomhréir le beartais an Aontais maidir leis an ngeilleagar agus an margadh aonair, fuinneamh agus iompar, beartas sóisialta, oideachas, digiteáil, taighde agus nuálaíocht, talmhaíocht agus forbairt tuaithe, ceartas agus gnóthaí baile, cosaint shibhialta, gnóthaí eachtracha, agus slándáil agus cosaint, lena n-áirítear cibearshlándáil;

***An daonlathas agus an smacht reachta***

11. á mheabhrú gurb iad an smacht reachta agus an tsláine institiúideach cnámh droma an chlaochlaithe dhaonlathaigh, na hathléimneachta sochaíocha agus an chomhtháthaithe shocheacnamaíoch;

12. ag moladh dul chun cinn agus tiomantas na hAlbáine maidir le cur chun feidhme a athchóirithe chuimsithigh ceartais a thabhairt chun críche, rud a neartóidh neamhspleáchas, trédhearcacht, éifeachtúlacht, cuntasacht chóras ceartais na hAlbáine agus muinín an phobail as;

13. ag moladh don tír céimeanna a threisiú atá dírithe ar phróiseas athmheastóireachta (grinnfhiosrúcháin) na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí a thabhairt chun críche agus ar a fo-éifeachtaí a mhaolú, eadhon trí fholúntais a líonadh, riaráiste cásanna cúirte a laghdú agus éifeachtúlacht a cúirteanna a fheabhsú faoin léarscáil nua bhreithiúnach, agus rochtain uilíoch ar cheartas á háirithiú ag an am céanna trí bhearta trasghearrtha agus dálaí socheacnamaíocha grúpaí leochaileacha á gcur san áireamh;

14. á iarraidh ar Rialtas na hAlbáine cumas oibríochtúil na mbreithiúna a fheabhsú, lena n-áirítear an Ard-Chúirt, an tArdchigire Dlí agus Cirt agus Scoil na Giúistísí, chun freastal ar an éileamh ar bhreithiúna cáilithe chun déileáil le riaráiste suntasach na gcásanna; á mheabhrú go bhfuil gá le sásraí éifeachtacha lena gcumasaítear éilliú agus aon iompar coiriúil sa bhreithiúnacht a chosc agus a ionchúiseamh trí institiúidí breithiúnacha agus rialachais atá cuntasach, neamhspleách agus lánfheidhmiúil;

15. á chur in iúl gur saoth léi an achrann polaitiúil marthanach**,** gníomhaíochtaí suaiteacha agus reitric ghríosaitheach ag polaiteoirí agus oifigigh ardleibhéil, chomh maith le sáruithe ar na rialacha nós imeachta parlaiminteacha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an laghdú ar an spás do ról maoirseachta parlaiminte an fhreasúra, lena n-áirítear diúltú do choistí fiosrúcháin parlaiminteacha; á chur i bhfios go láidir go bhfuil freagracht chomhpháirteach pholaitiúil agus shóisialta i gceist as athchóirithe a dhéanamh; ag tathant ar ghníomhaithe polaitiúla dlús a chur lena dtiomantas don idirphlé agus institiúidí agus nósanna imeachta daonlathacha a neartú trí rannpháirtíocht chuiditheach idirpháirtí agus laistigh den pháirtí, trí urraim fhrithpháirteach, trí chomhairliúcháin chuimsitheacha leis an tsochaí shibhialta agus trí chinnteoireacht thrédhearcach; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cultúr parlaiminteach cuiditheach a fhorbairt trí chomhthoil a chothú i measc na ngníomhaithe polaitiúla uile agus trí chearta agus freagrachtaí an fhreasúra a chaomhnú;

16. á mheabhrú gur gá acmhainneachtaí maoirseachta parlaiminteacha a neartú agus rialachas agus iolrachas a fheabhsú, lena n-áirítear trí dhigiteáil agus trédhearcacht mhéadaithe;

17. á chur in iúl gur oth léi gur theip ar na príomhpháirtithe polaitiúla teacht ar chomhaontú maidir le hathchóiriú toghchánach; á iarraidh ar údaráis na hAlbáine na hathruithe atá fós gan réiteach ar an gcreat maoinithe toghcháin agus páirtí a chur chun feidhme i bhfad roimh thoghcháin pharlaiminteacha 2025, i gcomhréir leis na moltaí ó ESCE/ODIHR agus ó Choimisiún na Veinéise; á iarraidh ar na húdaráis saoirse comhlachais a ráthú, lena n-áirítear i bpáirtithe polaitiúla, agus an tsaoirse seasamh i dtoghchán gan stát ná cur isteach míchuí eile, trí fheabhas breise a chur ar inrochtaineacht agus sláine toghcháin agus trí chosc a chur ar cheannach vótaí agus ar mhí-úsáid acmhainní riaracháin, lena n-áirítear trí dhigiteáil, cosaint sonraí agus rochtain chothrom ar na meáin, chun próiseas toghcháin atá cothrom, oscailte agus trédhearcach a áirithiú;

18. ag áitiú go mbeadh cistiú leormhaith ann do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí neamhspleácha agus d’fheidhmiú éifeachtach agus neamhchlaonta na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí sin agus go ndéanfar a gcinntí agus a moltaí a chur chun feidhme go comhsheasmhach;

19. á thabhairt dá haire go bhfuil dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh agus tá sí ag tnúth le feabhsuithe córasacha agus torthaí nithiúla maidir le cosc, imscrúdú agus ionchúiseamh réamhghníomhach agus ciontuithe deiridh neamhroghnacha i gcásanna a bhaineann le héilliú agus le coireacht eagraithe, lena n-áirítear coireanna comhshaoil, cibearchoireachta agus gáinneála;

20. á chur in iúl gur geal léi na torthaí a baineadh amach leis an Struchtúr Speisialaithe neartaithe um Fhrith-Éilliú agus um Choireacht Eagraithe (SPAK); ag tathant ar údaráis na hAlbáine feabhas a chur ar an gcomhar leis an mBiúró Náisiúnta Imscrúdaithe agus ar an gcomhar le AE agus le gníomhaireachtaí na mBallstát sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe agus chun deireadh a chur le saoirse ó phionós;

21. á chur i bhfios go bhfuil gá le hiarrachtaí níos struchtúrtha agus níos comhsheasmhaí, lena n-áirítear acmhainní, uirlisí agus scileanna leormhaithe, chun an t-éilliú a

chomhrac, lena n-áirítear ar ardleibhéal; á chur i bhfáth gur gá dul i ngleic le cultúr na saoirse ó phionós;

22. á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn maidir le riarachán poiblí cuimsitheach, éifeachtúil, fónta, comhordaithe agus cuntasach a bhunú; á iarraidh go ndéanfar faireachán níos fearr ar shócmhainní oifigeach chun rannchuidiú le héilliú a dhíothú ó gach réimse den saol poiblí;

23. á chur i bhfáth gur gá cuntas teiste daingean a bhunú i gcásanna éillithe agus leanúint de shócmhainní coiriúla a eascraíonn as éilliú agus cionta coireachta eagraithe a urghabháil, a choigistiú agus a aisghabháil, lena n-áirítear trí reachtaíocht lena ndírítear ar rachmas gan údar, idirbhearta a dhigiteáil agus sócmhainní aindleathacha a chalcadh agus a choigistiú ar feadh tréimhse fhada;

24. ag moladh tuilleadh athchóirithe póilíneachta chun sláine, gairmiúlacht agus comhlíonadh iomlán na gcaighdeán idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a áirithiú;

25. ag aithint gurb ann do rannchuidiú na sochaí sibhialta agus na meán sa chomhrac i gcoinne an éillithe; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá a rannpháirtíocht éifeachtach i bpróiseas lánpháirtithe AE agus i sásraí comhairliúcháin eile, mar chomhpháirtithe dlisteanacha sa phróiseas;

26. ag tacú le deireadh a chur le forálacha an dréachtdlí maidir le pardún fioscach agus coiriúil agus leis an scéim atá beartaithe maidir le saoránacht trí infheistíocht ('pas órga') atá ar neamhréir le noirm agus beartas víosaí an Aontais agus a d'fhéadfadh rioscaí a chruthú maidir le slándáil, sciúradh airgid, imghabháil cánach, éilliú agus coireacht eagraithe; á thabhairt dá haire, ina leith sin, gur fógraíodh an scéim saoránachta de réir infheistíochta a chur ar fionraí agus go bhfuil sé ar intinn ag Rialtas na hAlbáine saineolas AE a lorg maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht-dlí maidir le pardún fioscach agus coiriúil;

27. á iarraidh ar údaráis na hAlbáine díriú ar an gcóras fioscach agus riarachán cánach a nuachóiriú, lena n-áirítear dearbhú sócmhainní agus comhlíonadh, rialuithe frithsciúradh airgid a neartú agus oifig aisghabhála sócmhainní a bhunú; á iarraidh ar na húdaráis cásanna féideartha coireanna i gcoinne bhuiséad AE a ionchúiseamh faoin socrú oibre maidir leis an gcomhar idir OIPE agus Oifig Ionchúisitheoir na hAlbáine; á iarraidh ar thíortha na mBalcán Thiar feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach le AE in ábhair choiriúla faoi na socruithe oibre le OIPE chun imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach mhí-úsáid chistí AE a éascú, lena n-áirítear trí oifigigh idirchaidrimh náisiúnta a thabhairt ar iasacht do OIPE;

28. á chur i bhfáth go bhfuil oibleagáid ar na húdaráis trédhearcacht agus iomaíocht a áirithiú i soláthar poiblí, i gconarthaí rialtais, i bpríobháidiú, i nósanna imeachta státchabhrach agus lamháltais; á thabhairt chun suntais gur gá coimircí, trédhearcacht agus coinníollacht a neartú faoi phróiseas scagtha straitéiseach infheistíochta coigríche, agus teagmhais éilithe, calaoise, mí-úsáide oifige agus sciúrtha airgid a ionchúiseamh, agus ag an am céanna imghabháil cánach, tógáil neamhdhleathach agus imchéimniú smachtbhannaí a chomhrac; á mheabhrú nach mór do nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí do thionscadail bhonneagair, lena n-áirítear i gcalafort Durrës

agus timpeall air, caighdeáin AE maidir le soláthar poiblí faoin gComhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais a chomhlíonadh;

29. ag spreagadh agus ag moladh an chomhair idirnáisiúnta agus á iarraidh go leanfaí de ghníomhaíocht a dhéanamh maidir le líonraí coireachta trasnáisiúnta a dhíchóimeáil faoi chomhar feabhsaithe le gníomhaireachtaí ceartais agus gnóthaí baile AE, amhail Europol, Eurojust agus Frontex, lena gcumhdaítear gníomhaíocht threisithe i gcoinne táirgeadh agus gáinneáil eagraithe drugaí, armán neamhdhleathach agus daoine;  ag tathant ar údaráis na hAlbáine acmhainneachtaí náisiúnta oibríochtúla agus aisghabhála sócmhainní a neartú; á chur i bhfáth go bhfuil cur i gcoinne na cibearchoireachta, na gáinneála ar dhaoine agus an sciúrtha airgid fós ina réimsí ina bhfuil gá le torthaí breise;

30. á chur i bhfios go láidir gurb ann do rannchuidiú ríthábhachtach na hAlbáine le teorainn sheachtrach AE a chosaint agus le coireacht trasteorann a chosc; á chur in iúl gur geal léi imscrúduithe éifeachtacha idirnáisiúnta agus oibríochtaí póilíneachta Eorpacha chun gáinneáil ar dhaoine, támhshuanaigh, airm thine, calaois ar líne agus bagairtí sceimhlitheoireachta a chomhrac;

31. á chur i bhfáth gur gá cur i gcoinne na trádála aindleathaí i mionairm agus in airm éadroma, ós rud é gur ceann scríbe agus tír idirthurais araon í an Albáin;

32. ag spreagadh na hAlbáine chun iarrachtaí a mhéadú chun éilimh gan bhunús ar thearmann óna náisiúnaigh a laghdú agus a beartas víosaí a ailíniú tuilleadh le liosta an Aontais de thríú tíortha a bhfuil víosa de dhíth orthu;

33. ag cáineadh cur isteach eachtrach urchóideach agus ionsaithe hibrideacha, lena n-áirítear feachtais chúblála agus bhréagaisnéise, gríosú chun gach cineál radacaithe agus cibirionsaithe i gcoinne shaoránaigh na hAlbáine agus bonneagar criticiúil, arb é is aidhm dóibh an tír a dhíchobhsú agus míchlú a tharraingt ar an Aontas;     á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí feabhas a chur ar chomhordú agus cúnamh breise a thabhairt d'údaráis na hAlbáine athléimneacht na tíre i gcoinne na mbagairtí sin a neartú go suntasach trí fheabhas a chur ar an tslándáil dhigiteach , ar chosaint sonraí agus ar chumais chibearchosanta, i ndlúthchomhar le ECAT;  á chur i bhfáth gur gá a straitéis chibearshlándála náisiúnta a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach;

34. ag cáineadh úsáid neamhúdaraithe sonraí príobháideacha na saoránach, lena n-áirítear ag páirtithe polaitiúla, agus á iarraidh ar na húdaráis bearta práinneacha a dhéanamh chun sceitheadh sonraí a chosc agus chun dlús a chur le hailíniú le *acquis* AE maidir le cosaint sonraí pearsanta;

***Saoirsí bunúsacha agus cearta an duine***

35. á thabhairt dá haire gur glacadh na céimeanna dlíthiúla chun deireadh a chur le hidirdhealú i gcoinne mionlach, agus á iarraidh go ndéanfar céimeanna praiticiúla chun a áirithiú go ndéanfar LADTIA+, Romaigh, Éigipteach agus gach mionlach eitneach agus cultúrtha eile a chuimsiú; ag tathant ar na húdaráis dul i ngleic leis an idirdhealú trasnach a mbíonn ar na grúpaí sin aghaidh a thabhairt air trí chur chuige institiúideach

sistéamach i ngach réimse den saol sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil agus imscrúdú pras ar mhí-úsáidí a gceart a áirithiú;

36. á iarraidh ar na húdaráis leanúint de bheith ag comhoibriú le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar phobail na Romach agus na nÉigipteach chun a bhfolláine agus a lánpháirtiú sa tsochaí a áirithiú;

37. á iarraidh ar na húdaráis dul i mbun idirphlé le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair chun cearta phobal LADTIA+ a chosaint agus chun an creat dlíthiúil agus cur chun feidhme na reachtaíochta a áirithiú lena ráthaítear cuimsiú agus cosaint bhaill an phobail;

38. ag tathant ar na húdaráis dlús a chur lena gcuid oibre chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, chun dlús a chur le cosaint leanaí, chun reachtaíocht maidir le cearta mionlaigh a ghlacadh agus a chur chun feidhme, go háirithe na fodhlíthe atá ar feitheamh maidir le féinaithint mionlach náisiúnta agus maidir le húsáid teangacha mionlaigh, agus daonáireamh daonra a dhéanamh i gcomhréir iomlán le caighdeáin AE; á chur i bhfáth gur gá cearta cláraithe maoine agus talún a chomhdhlúthú agus aisíoc maoine díshealbhaithe agus cúiteamh ina leith a thabhairt chun críche;

39. ag tathant ar na húdaráis oideachas cuimsitheach a áirithiú trí bhearta láithreacha a dhéanamh chun deireadh a chur le leithscaradh leanaí scoile Romacha agus leanaí scoile Éigipteacha agus é sin a chosc, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine; á iarraidh ar na húdaráis dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne teacht i dtír gnéasach ar leanaí ar líne;

40. ag tathant ar údaráis na hAlbáine tuilleadh iarrachtaí a mhéadú atá dírithe ar chomhionannas inscne agus ar chearta na mban, lena n-áirítear trí thosaíocht a thabhairt do phríomhshruthú inscne, trí chomhar le heagraíochtaí na mban a mhéadú agus trí chothromaíocht inscne sa lucht saothair a fheabhsú;

41. á iarraidh ar reachtóirí na hAlbáine bearta a dhéanamh chun ionadaíocht leormhaith na mban i ngach post cinnteoireachta a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi, i bhfianaise an mhéid sin, an chéad chomh-aireacht ban-tromlach de chuid an rialtais reatha; á iarraidh ar na húdaráis aghaidh a thabhairt tuilleadh ar an easpa cur chun feidhme maidir le cearta oibrithe mná, chomh maith le steiréitíopáil inscne, éagothroime inscne agus an bhearna phá idir na hinscní sa lucht saothair; á chur i bhfios go bhfuil difríochtaí suntasacha inscne ann, amhail rannpháirtíocht níos ísle na mban i margadh an tsaothair; á thabhairt chun suntais gur gá deireadh a chur le hidirdhealú i bhforálacha dlíthiúla a bhaineann le saoire mháithreachais agus feabhas a chur ar an gcumas cúraim leanaí agus réamhscoile;

42. ag glacadh leis go ndearnadh dul chun cinn maidir le Coinbhinsiún Iostanbúl a chur i bhfeidhm; á chur in iúl gur geal léi an chéad tuarascáil ón Albáin maidir leis an ábhar agus á iarraidh ar na húdaráis dlús a chur le cosc agus freagairtí ar fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus ar fheimeamharú, agus feabhas a chur ar thacaíocht do mharthanóirí; á mheabhrú a phráinní atá sé acmhainní a mhéadú chun forálacha Choinbhinsiún Iostanbúl a chur chun feidhme, feasacht na mban ar a gcearta a mhéadú, dlús a chur le cosc agus seirbhísí a sholáthar do mharthanóirí mí-úsáide baile agus ar líne;

43. á chur in iúl gur geal léi plean gníomhaíochta 2021-2027 do dhaoine LADTI san Albáin agus á iarraidh go gcuirfear chun feidhme é; á chur in iúl gur geal léi an rath a bhí ar an 11ú mórshiúl Thiorana in 2022; á iarraidh ar na húdaráis reachtaíocht a ghlacadh maidir le féiniúlacht inscne agus comhpháirtíochtaí comhghnéis agus/nó póstaí comhghnéis a aithint; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an t-idirdhealú in aghaidh daoine LADTIA+ maidir le rochtain ar chúram sláinte, ar oideachas, ar cheartas, ar fhostaíocht agus ar thithíocht; á chur in iúl gur saoth léi cásanna ionsaithe fisiciúla agus fuathchainte i gcoinne phobal LADTIA+;

44. á chur in iúl gur saoth léi an easpa dul chun cinn maidir le cearta daoine faoi mhíchumas; á iarraidh go ndéanfaí ailíniú dlí iomlán le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas trína Phrótacal Roghnach a dhaingniú; á iarraidh go mbeidh cistiú leormhaith ann do phlean gníomhaíochta náisiúnta 2021-2025 do dhaoine faoi mhíchumas;

45. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus foréigean, bacainní ar chuimsiú socheacnamaíoch a bhaint, fostaíocht a chur chun cinn agus vótáil inrochtana a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas;

46. á mheabhrú gur gá an ceart chun saoirse comhthionóil shíochánta a áirithiú go héifeachtach agus go neamhroghnach; á thabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar líomhaintí maidir le mí-iompar póilíneachta agus úsáid dhíréireach fornirt, d’fhonn déantóirí na coire a thabhairt os comhair na cúirte;

47. á thabhairt dá haire go bhfuil gá le tuilleadh dul chun cinn chun dálaí coinneála a fheabhsú i gcomhréir leis an moladh ón gCoiste Eorpach um Chéastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc;

48. á chur in iúl gur oth léi an easpa dul chun cinn maidir le trédhearcacht institiúideach a bhaint amach agus staid na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán atá ag dul in olcas; á chur i bhfáth go bhfuil ról ag Rialtas na hAlbáine agus ag ceannairí polaitiúla maidir le timpeallacht chumasúcháin a chruthú chun na saoirsí sin a shaothrú;

49. ag cáineadh iarrachtaí chun míchlú a tharraingt ar thuairisceoirí agus faisnéis phoiblí a choinneáil siar go treallach, amhail cinntí chun iriseoirí a thoirmeasc ó fhreastal ar phreasagallaimh rialtais, chomh maith leis an mainneachtain sábháilteacht iriseoirí agus eagraíochtaí na meán a áirithiú; ag cáineadh an fhoréigin uile ina gcoinne;

50. ag spreagadh Rialtas na hAlbáine feabhas a chur ar rochtain ar thuairisciú agus ar ghrinnscrúdú a chuid oibre trí chainéil fhoirmiúla, amhail preasagallaimh agus agallaimh, agus rochtain chomhionann, dhíreach agus thrédhearcach ar fhoinsí oifigiúla a áirithiú d’iriseoirí;

51. ag tathant ar na húdaráis gníomhú láithreach i gcoinne cur isteach polaitiúil agus eacnamaíoch ar na meáin agus stop a chur le hionsaithe ó bhéal, feachtais chlúmhillte agus imeaglú i gcoinne iriseoirí, go háirithe iad siúd a thuairiscíonn ar shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta, toisc go mbaineann sé sin an bonn de cháilíocht na hiriseoireachta, de neamhspleáchas na meán agus de chumas iriseoirí saincheisteanna a bhaineann le leas an phobail a chumhdach;

52. a iarraidh ar na húdaráis creat dlíthiúil a ghlacadh lena gcosnaítear iriseoirí, cosantóirí chearta an duine agus geallsealbhóirí eile ar chásanna dlí straitéiseacha i gcoinne rannpháirtíocht an phobail (SLAPPanna);

53. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an bholscaireacht ghríosaitheach mharthanach, lena n-áirítear ag polaiteoirí ardleibhéil, oifigigh phoiblí agus daoine poiblí eile; á iarraidh go ndéanfaí imscrúduithe ar gach ionsaí i gcoinne na meán criticiúil agus á iarraidh ar na húdaráis déantóirí ionsaithe i gcoinne iriseoirí a thabhairt os comhair na cúirte;

54. ag cáineadh aon iarrachtaí rialála chun rialú polaitiúil ar institiúidí meán a mhéadú; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, tarraingt siar na dréachtreachtaíochta frithchlúmhillte i gcomhréir le moltaí Choimisiún na Veinéise;

55. ag tathant ar Rialtas na hAlbáine neamhspleáchas an chraoltóra phoiblí agus an rialtóra meán agus trédhearcacht úinéireacht na meán, an mhaoinithe agus na fógraíochta poiblí a áirithiú; á chur in iúl gur saoth léi nach bhfuil samhlacha gnó inbhuanaithe agus cistiú trédhearcach ag an gcuid is mó d'eagraíochtaí meán na hAlbáine;

56. ag tathant ar na húdaráis agus ar an tsochaí shibhialta oibriú le chéile chun an bhréagaisnéis agus insintí cúblála a chomhrac trí litearthacht sna meáin a chur chun cinn, trí thimpeallacht chumasúcháin a chruthú do na meáin neamhspleácha agus trí fheabhas a chur ar chearta saothair agus sóisialta iriseoirí;

57. á iarraidh ar an Aontas cabhrú le hiarrachtaí frithfhaisnéise réigiúnacha a chomhordú trí leas a bhaint as geallsealbhóirí ábhartha agus feabhas a chur ar idirphlé, ar thaighde agus ar anailís chun freagairtí fianaise-bhunaithe ar bhagairtí bréagaisnéise a tháirgeadh; á iarraidh ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí cur go réamhghníomhach le hinchreidteacht AE sa réigiún agus faireachán StratCom a leathnú chun díriú ar bhagairtí trasteorann bréagaisnéise a thagann ó thíortha na mBalcán Thiar agus óna gcomharsana;

58. á chur in iúl gur geal léi obair na Comhghuaillíochta do na Meáin Eitice san Albáin maidir leis an gCód Eitice d'Iriseoirí a chur chun feidhme; á iarraidh ar chomhaltaí Chomhlachas Iriseoirí Gairmiúla na hAlbáine na caighdeáin is airde tionscail a leanúint, go háirithe tríd an Tionscnamh Iontaobhais Iriseoireachta arna chur ar bun ag Tuairisceoirí gan Teorainneacha a ghlacadh;

59. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá creat cuimsitheach le haghaidh rannpháirtíocht fhiúntach na sochaí sibhialta i bpróisis chinnteoireachta agus i bpróiseas lánpháirtithe AE ar leibhéal an rialtais náisiúnta agus áitiúil, lena n-áirítear tríd an gComhairle Náisiúnta don tSochaí Shibhialta agus tríd an gComhpháirtíocht Rialtais Oscailte, agus á iarraidh ar Rialtas na hAlbáine éifeachtacht na n-ardán sin a fheabhsú; ag tathant ar na gníomhaithe polaitiúla agus ar na húdaráis pholaitiúla stop a chur leis an bhfuathchaint, feachtais chlúmhillte agus ciapadh eagraíochtaí neamhspleácha na sochaí sibhialta agus chosantóirí chearta an duine a úsáid agus a cháineadh agus a áirithiú go dtabharfar déantóirí coire chun na cúirte;

60. á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar fhorálacha an Dlí maidir le Clárú Eagraíochtaí Neamhbhrabúis (NPOnna) a bhaineann an bonn den tsaoirse tuairimí a nochtadh agus den tsaoirse comhlachais; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go háirithe na fíneálacha atá

thar a bheith díréireach as sáruithe riaracháin arna ndéanamh ag ENBanna; á chur in iúl gur geal léi an Cód Caighdeán féinrialála do ENBanna agus á mholadh go ndéanfaí simpliú ar chlárú leictreonach eagraíochtaí na sochaí sibhialta;

*Comhar réigiúnach agus caidreamh maith idir comharsana;*

61. á chur in iúl gur geal léi idirphlé leanúnach na hAlbáine chun dea-chaidreamh comharsanachta agus comhar réigiúnach a áirithiú, ar gnéithe bunriachtanacha iad den phróiseas um méadú agus den Phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais; ag moladh rannpháirtíocht chuiditheach na hAlbáine i dtionscnaimh chuimsitheacha réigiúnacha agus trasteorann maidir le comhar; á chur in iúl gur geal léi na comhaontuithe inláimhsithe ar thángthas orthu maidir le saorghluaiseacht agus aitheantas frithpháirteach cáilíochtaí mar chuid de Phróiseas Bheirlín agus á iarraidh go gcuirfear chun feidhme go pras iad; ag moladh an dul chun cinn ar thángthas air i gcomhthéacs chruinniú mullaigh AE-na mBalcán Thiar i dTiorána, an chéad imeacht dá leithéid riamh a tionóladh sa réigiún;

62. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leas iomlán a bhaint as tionscnaimh réigiúnacha agus idir-rialtasacha atá ann cheana, go háirithe an Tionscnamh Aidriadach-Iónach, an Tionscnamh Lárnach Eorpach, straitéis AE don réigiún Aidriadach-Iónach agus Próiseas Bheirlín, agus a thábhachtaí atá sé sineirgí a chruthú eatarthu;

63. ag moladh na hAlbáine as ról lárnach a bheith aici i gcur chun cinn na cobhsaíochta agus an chomhair ar fud na mBalcán Thiar, lena n-áirítear a rannpháirtíocht i misin agus in oibríochtaí faoi stiúir an Aontais agus ECAT;

64. á chur in iúl gur geal léi an beart tacaíochta do Thascfhórsa Leighis na mBalcán ar fiú EUR 6 mhilliún é faoin tSaoráid Eorpach Síochána, a sholáthraíonn an trealamh agus na soláthairtí is gá d’aonaid leighis Fhórsaí Armtha na hAlbáine, na Boisnia agus na Heirseagaivéine, Mhontainéagró, na Macadóine Thuaidh agus na Seirbia;

65. á mheabhrú gur gá an próiseas chun comhaid ón ré chumannach a dhí-aicmiú a thabhairt chun críche agus iad a chur ar fáil do thaighdeoirí agus don phobal i gcoitinne chun an ceartas agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn, chun go mbeadh ceartas d’íospartaigh agus chun cúiteamh a thabhairt do mharthanóirí agus dá dteaghlaigh;

*Athchóirithe socheacnamaíocha*

66. ag tathant ar na húdaráis leanúint d’athchóirithe struchtúracha i gcomhréir le clár athchóirithe eacnamaíoch 2023-2025 agus téarnamh inbhuanaithe agus fás cuimsitheach a chumasú trí bhainistiú agus rialachas airgeadais phoiblí feabhsaithe, an smacht reachta, digiteáil agus inrochtaineacht, eisiamh sóisialta laghdaithe, cur ar bhonn foirmiúil an gheilleagair, agus oideachas agus seirbhísí sláinte feabhsaithe; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí maidir le huas-sciliú, dálaí saothair feabhsaithe agus idirphlé sóisialta trí idirphlé fónta agus cómhargáil;

67. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé daoine óga a chumhachtú agus deiseanna a chothú do ghlúine óga na hAlbáine; á thabhairt dá haire gur dréachtaíodh plean gníomhaíochta chun an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme sna Balcáin Thiar;

ag moladh go ndéanfaí tuilleadh infheistíochta sa taighde agus sa nuálaíocht, lena gcabhraítear le himirce daoine oilte taighdeoirí agus daoine óga a aisiompú;

68. á iarraidh ar na húdaráis baol an eisiaimh shóisialta agus na bochtaineachta a laghdú trí rochtain ar sheirbhísí sóisialta, oideachais agus cúraim sláinte a fheabhsú, go háirithe do dhaoine ó phobail na Romach, na nÉigipteach agus LADTIA+ agus do mhionlaigh agus grúpaí leochaileacha eile;

69. á chur i bhfios go láidir gur cineál claochlaitheach é cúnamh suntasach AE a chuirtear ar fáil faoi IPA III agus faoi Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar; á thabhairt dá haire ról an Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar agus a thionscadail shuaitheanta; á mheabhrú, i gcomhréir le coinníollacht IPA III, nach mór cistiú a laghdú nó a chur ar fionraí i gcásanna cúlrianaithe nó moilleanna gan údar sa phróiseas athchóirithe, go háirithe i réimsí an daonlathais, na gceart bunúsach agus an smachta reachta;

*Fuinneamh, an comhshaol, forbairt inbhuanaithe agus nascacht*

70. á chur in iúl gur geal léi céimeanna na hAlbáine maidir le dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus le héagsúlú fuinnimh i dtreo cumhacht na gaoithe agus na gréine agus á iarraidh ar na húdaráis úsáid inbhuanaithe hidreachumhachta a áirithiú; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, imscaradh tapa phacáiste tacaíochta fuinnimh AE do na Balcáin Thiar ar fiú EUR 1 bhilliún é, lena n-áirítear tacaíocht bhuiséadach láithreach de EUR 80 milliún don Albáin; á iarraidh ar na húdaráis an úsáid is fearr a bhaint as an gcúnamh sin chun margadh fuinnimh athléimneach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a thógáil i gcomhréir leis an gClár Oibre Glas do na Balcáin Thiar;

71. á mheabhrú a thábhachtaí atá infheistíocht AE i dtionscadail amhail gléasra cumhachta gréine Vau i Dejës, nuachóiriú ghléasra hidreachumhachta Fierza, athchóiriú champas Ollscoil Tiorána agus iarnród nua Tiorána-Durrës; ag tathant ar na húdaráis dlús a chur leis na hiarrachtaí chun gníomhaíocht chomhshaoil agus aeráide a phríomhshruthú ar fud na n-earnálacha talmhaíochta, fuinnimh, iompair agus tionsclaíocha;

72. á chur in iúl go dtacaíonn sí le hUachtaránacht na hAlbáine in Oifig an Chomhphobail Fuinnimh chun comhtháthú an réigiúin i margadh fuinnimh AE a chur chun cinn; á chur in iúl gur geal léi an plean atá aici fuinneamh a shábháil, fuinneamh glan a tháirgeadh agus a sholáthar fuinnimh a éagsúlú faoi REPowerEU agus a cheannacháin fuinnimh chomhpháirteacha faoi Ardán Fuinnimh AE;

73. á iarraidh go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir le hearnáil an leictreachais a athchóiriú agus maidir le sásraí cistiúcháin inbhuanaithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a áirithiú;

74. á iarraidh go ndéanfaí bearta atá pleanáilte go hiomlán maidir leis an mbithéagsúlacht, uisce, aer, aeráid, bainistiú réigiúnach dramhaíola, athchúrsáil agus truailliú tionsclaíoch;

75. á chur i bhfáth gur gá don Albáin feabhas a chur ar a bonneagar bainistithe dramhaíola, iarrachtaí a mhéadú chun athléimneacht na tíre i gcoinne thionchair an athraithe aeráide a neartú, lena n-áirítear tríd an straitéis náisiúnta maidir leis an athrú aeráide a thabhairt cothrom le dáta agus tríd an athrú aeráide a phríomhshruthú i straitéisí agus pleananna earnála;

76. á chur in iúl gur cúis bhuartha di truailliú dramhaíola muirí san Albáin, a bhfuil tionchar aige ar thíortha comharsanachta, agus á iarraidh go ndéanfar gníomhaíocht phráinneach chun aghaidh a thabhairt air sin;

77. ag tathant ar Rialtas na hAlbáine dlús a chur lena iarrachtaí cáilíocht an aeir a fheabhsú agus truailliú aeir marfach a laghdú, go háirithe i gceantair uirbeacha;

78. á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh Páirc Náisiúnta Abhainn Fhiáin Vjosa, an chéad pháirc náisiúnta abhainn fhiáin san Eoraip, agus ag moladh iarrachtaí na sochaí sibhialta sa tréimhse roimh bhunú na páirce; á iarraidh ar na húdaráis na hábhair imní a chuir an tsochaí shibhialta in iúl maidir le teorainneacha an líonra a leagan amach do limistéir faoi chosaint a chur san áireamh;

79. ag tathant ar Rialtas na hAlbáine ailíniú go pras le *acquis* uisce AE, na pleananna bainistithe abhantracha a chomhlánú agus a ghlacadh, truailliú fuíolluisce a laghdú agus gníomhaíocht a dhéanamh chun cosaint Loch Ohrid a áirithiú trí dheireadh a chur le sceitheadh iarmhar mianadóireachta isteach ann; á iarraidh ar Rialtas na hAlbáine a iarrachtaí a neartú chun a mhuirthimpeallacht agus a bhithéagsúlacht a chosaint, lena n-áirítear trí limistéir mhuirí faoi chosaint a ainmniú agus a bhainistiú go héifeachtach;

80. á chur i bhfáth gur gá talmhaíocht ar mhionscála agus ar mheánscála a fhorbairt atá nua-aimseartha, éiceolaíoch agus neamhdhíobhálach don aeráid agus lena n-áirithítear slí bheatha na bhfeirmeoirí agus cosaint acmhainní nádúrtha agus bithéagsúlachta na hAlbáine;

81. á iarraidh go mbeadh trédhearcacht, seoladh, forfheidhmiú agus faireachán feabhsaithe ann maidir le measúnuithe tionchair comhshaoil agus straitéiseacha ar an gcomhshaol, go háirithe maidir le tionscadail a bhfuil iarmhairtí móra comhshaoil agus socheacnamaíocha acu, amhail tionscadal ghléasra hidreachumhachta Skavica; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an tionchar eacnamaíoch agus comhshaoil atá ag tionscadail forbartha neamhiomaíocha ag a bhfuil cistiú eachtrach;

82. á iarraidh ar na húdaráis gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun an choireacht chomhshaoil a chomhrac agus chun beartas agus forfheidhmiú an dlí a fheabhsú agus a bhrostú do chosaint an dúlra agus na bithéagsúlachta, go háirithe maidir le limistéir faoi chosaint agus speicis atá i mbaol criticiúil, amhail lincse na mBalcán; á iarraidh ar Rialtas na hAlbáine oibriú ar reachtaíocht maidir le bainistiú inbhuanaithe fiadhúlra agus an moratóir lománaíochta a fhorfheidhmiú;

83. ag tathant ar Rialtas na hAlbáine stop a chur le tionscadail a d'fhéadfadh noirm náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le cosaint na bithéagsúlachta a shárú, amhail Aerfort Idirnáisiúnta Vlorë, agus stop a chur le forbairt hidreachumhachta i limistéir faoi chosaint;

84. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Albáin ag cloí go hiomlán le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus, mar thoradh air sin, tacaíocht mhéadaithe shuntasach AE d'ullmhacht i gcás éigeandála sibhialta agus freagairt chomhordaithe ar ghéarchéimeanna tar éis creathanna talún, tuilte agus falscaithe; ag moladh don tír a hacmhainneachtaí bainistithe géarchéime a nuachóiriú tuilleadh;

85. á iarraidh go nglacfaí go pras an straitéis náisiúnta iompair, lena n-áirítear a plean gníomhaíochta 2021-2025; ag athdhearbhú go bhfuil gá le hiarrachtaí suntasacha chun claochlú struchtúrach a dhéanamh ar nascacht dhigiteach, fuinnimh agus iompair;

86. ag athdhearbhú gur gá bearnaí nascachta iompair a líonadh agus bonneagar poiblí sna Balcáin Thiar a uasghrádú, le tacaíocht ó Bhallstáit AE agus ón bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar agus i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus le spriocanna dícharbónaithe an Aontais; ag tathant, i ndáil leis sin, ar na húdaráis i dtíortha uile na hEorpa croíthionscadail bhonneagair a chur i gcrích, lena n-áirítear Conairí uile-Eorpacha VIII agus X;

87. á chur in iúl gur geal léi gur baineadh na costais fánaíochta i measc thíortha na mBalcán Thiar agus á chur in iúl go dtacaíonn sí le deireadh a chur de réir a chéile le táillí fánaíochta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar, tar éis a laghdaithe amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2023;

°

° °

88. á threorú dá hUachtarán an rún sin a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Uachtarán, Rialtas agus Parlaimint Phoblacht na hAlbáine.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.5.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 52<br>–: 5<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Michael Gahler, Giorgos Georgiou, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Sandra Kalniete, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Antonio López-Istúriz White, Thierry Mariani, Pedro Marques, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Matjaž Nemec, Gheorghe-Vlad Nistor, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Giuliano Pisapia, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Mounir Satouri, Andreas Schieder, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Dominik Tarczyński, Anders Vistisen, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Tomáš Zdechovský, Bernhard Zimniok, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Katarina Barley, Adam Bielan, Vladimír Bilčík, Mercedes Bresso, Pierrette Herzberger-Fofana, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Georgios Kyrtsos, Karsten Lucke, Ramona Strugariu |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Javier Moreno Sánchez |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 52 | + |
|---|---|
| CLE | Adam Bielan, Jacek Saryusz-Wolski, Dominik Tarczyński |
| ID | Susanna Ceccardi |
| EPP | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Vladimír Bilčík, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Sandra Kalniete, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Isabel Wiseler-Lima, Tomáš Zdechovský, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Klemen Grošelj, Georgios Kyrtsos, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Ramona Strugariu, Salima Yenbou |
| S&D | Katarina Barley, Mercedes Bresso, Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Karsten Lucke, Pedro Marques, Sven Mikser, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Demetris Papadakis, Giuliano Pisapia, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder, Sergei Stanishev |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, François Alfonsi, Pierrette Herzberger-Fofana, Mounir Satouri, Jordi Solé |

| 5 | - |
|---|---|
| CLE | Charlie Weimers |
| ID | Thierry Mariani, Anders Vistisen, Bernhard Zimniok |
| NI | Kostas Papadakis |

| 1 | 0 |
|---|---|
| An Chlé | Giorgos Georgiou |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh